Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus caiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €9.272 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gciorcláin 1 agus 9 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás na n-eisceachtaí atá liostaithe anseo.

***Luacháil agus dímheas ar shócmhainní caipitil***

Ríomhtar dímheas ar bhonn míosúil ar na sócmhainní go léir ón dáta a chuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse go dtí mí na diúscartha.

Cuirtear feithiclí urghafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ar áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom.

Dímheastar cuitéar custam ag ráta 5% sa bhliain de réir méid cothrom.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go mbraithfí iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh d’Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Áirítear ar na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú

- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim

- scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
- córas comhtháite pleanála straitéisí/gnó agus bainistíochta riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal eagraíochtúil, rannóige agus brainse
- modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail do na tionscadail shuntasacha go léir.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt fhoirmiúil iniúchóireachta inmheánaí i scríbhinn. Bonn eolais faoina cuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de dheich gconradh (os cionn €25,000) ab fhiú €3,484,628 san iomlán in 2021, mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh trí chonradh le haghaidh seirbhísí láimhseála glaonna, seirbhísí glantacháin fuinneoige agus soláthar earraí inchaite TFC dar luach comhiomlán €634,472 faoi phróiseas iomaíoch ach leathnaíodh iad fad a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tá conarthaí nua i bhfeidhm anois le haghaidh na míreanna sin.
- Dámhadh dhá chonradh le haghaidh soláthar éide agus soláthar seirbhísí glantacháin oifige laethúla dar luach iomlán €2,360,688 faoi phróiseas iomaíoch roimhe seo ach leathnaíodh iad fad a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Eisíodh iarrataí ar thairiscintí don dá chonradh d'fhonn dámhachtainí a dhéanamh le linn 2022.
- Meastar go raibh dhá chonradh dar luach €260,458 le haghaidh ceadúnais, tacaíocht agus cothabháil bogearraí a sholáthar neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoill ar phróiseas iomaíoch a dhéanamh. Athrófar an dá chonradh tar éis próisis soláthair iomaíocha in 2022.
- Meastar go raibh conradh amháin dar luach €62,135 chun córas bainistíochta cabhlaigh a sholáthar a bheith neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoilleanna idirthréimhseacha maidir le haistriú chuig soláthraí seirbhíse nua.
- Meastar go raibh conradh amháin dar luach €138,199 le haghaidh seirbhísí luathscríbhneoireachta neamhchomhlíontach agus cuireadh ina ionad ina dhiaidh sin i Meán Fómhair 2021 trí chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais a úsáid.
- Measadh conradh amháin dar luach €28,676 chun oiliúint a sholáthar i dtiomáint trucailí altacha a bheith neamhchomhlíontach. Tá athbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh faoi láthair chun riachtanais amach anseo a chinneadh.

Tá sonraí maidir le 66 chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca chorparáidí i bhfeidhm ag an Oifig seo lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus na gníomhartha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus a mhéid is féidir, chun na rioscaí a mhaolú. Tá clár rioscaí corparáideacha ar bun lena sainaithnítear na príomhrioscaí roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, meas agus grádú ar na rioscaí sin de réir a ndóchúlachta agus a dtionchair. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus comhtháthaítear na gníomhartha sin isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugadh isteach feabhsúchán ar an gcóras bainistíochta riosca in R3 2021. Faoi shocruithe nua, tuairiscíonn na Rannóga go ráithiúil ar éifeachtacht na rialuithe ar ghníomhartha maolaithe agus leibhéil riosca iarmharacha tar éis an mhaolaithe. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (CBR) athbhreithniú ar na tuarascálacha sin, agus déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an clár rioscaí corparáideacha a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Cuireann an Coiste san áireamh freisin an t-aiseolas a fhaightear ó lucht bainistíochta na rannóg agus cinneadh á dhéanamh ar cheart athruithe a dhéanamh ar an tosaíocht nó an rangú atá ag riosca agus cuireann sé aiseolas ar fáil do rannóga ar a dtuarascálacha ráithiúla. Foráiltear leis an bpróiseas sin go ndéantar géarú riosca a aithint, a athbhreithniú, a thuairisciú agus a chur ar áireamh sa chlár rioscaí corparáideacha. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht Rioscaí Corparáideacha faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach gníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus lena gcinntítear go gcloítear leis an mbeartas bainistíochta riosca sna Coimisinéirí Ioncaim.

Tá Oifigeach Cosaint Sonraí i bhfeidhm a bhfuil freagracht air as formhaoirsiú a dhéanamh ar straitéis agus cur chun feidhme cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena -áirítear comhlíonadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus tacaíonn aonad cosanta sonraí leis.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus an chaoi a gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don CCB, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais is ea obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Bhí dúshlán shuntasach fós ag baint le paindéim Covid-19 do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar a dtimpeallacht rialaithe chun tionchar phaindéim Covid-19 a chur san áireamh agus tá siad sásta go bhfuil an creat riosca agus rialaithe sách láidir le freagairt d'aon leibhéal méadaithe riosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Leanadh ar aghaidh le cianobair le linn 2021 do thart ar 4,500 duine de na 7,000 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar gheall ar thiomantas agus rannpháirtíocht fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim, d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim seachadadh ár bpríomhchlár gnó a choimeád ar bun chomh maith le leanúint den ról maidir le scéimeanna tacaíochta Covid-19 a riar. Tá sé beartaithe go dtabharfar isteach socruithe foirmiúla oibre cumaisc le linn 2022.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag baint úsáid as a mbonneagar ardteicneolaíochta agus as a n-inniúlachtaí láidre oibriúcháin agus bainistíocht tionscadail chun an tsraith scéimeanna fóirdheontais a thug an Rialtas isteach a bhainistiú chun tacú le gnólachtaí a chomhlíonann rialacha cánach agus lena bhfostaithe le linn na tréimhse deacra sin. Lean na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid (SFPF) agus leis an Scéim Tacaíochta Srianta Covid (STSC) agus tugadh isteach an Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG) le linn 2021. Chinntigh na scéimeanna sin gur cuireadh íocaíochtaí tacaíochta ríthábhachtacha ar fáil do ghnólachtaí chun tacú le fostaíocht leanúnach.

Bhain riar na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le bainistiú suimeanna suntasacha arbh fhiú €4.6 billiún san iomlán iad don SFPF agus freisin an réiteach deiridh ar an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) a tháinig chun deiridh i mí Lúnasa 2020. Nochtar na hiarmhéideanna atá dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí ag deireadh na bliana i Nóta 2.7 den chuntas. Déantar STSC agus STAG a mhaoiniú trí cháin ioncaim nó trí cháin chorparáide agus íoctar iad mar ardchreidmheas cánach.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh freisin ag cur raon beart ar fáil chun tacú le gnólachtaí atá ag fulaingt ó dheacrachtaí sreafa airgid nó ó dheacrachtaí trádála, lena n-áirítear fiachas a thrádstóráil, ús ar íocaíochtaí déanacha a chur ar fionraí, agus gníomhaíocht bailithe forfheidhmithe a chur ar fionraí.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoin gcuntas leithreasa

- go léiríonn sé i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- gur ullmhaíodh é san fhormáid a d'ainmnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo.Tá mé neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile**

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte***

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach.  Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 9 mar chuid den scrúdú sin.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Méan Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Riar agus bailiú cánacha agus dleachtanna, agus bainistiú teorann | 501,214 | 488,701 | 467,231 |
| **Glanchaiteachas** | | **501,214** | **488,701** | **467,231** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **59,487** | **56,739** | **60,278** |
| **Glanchaiteachas** | | **441,727** | **431,962** | **406,953** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear lena géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach leithreasaí neamhchaite nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €493,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir leis na gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A (vi) agus A (viii) anonn go 2022.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 9,764,842 | 4,840,658 |
| Géilleadh iarchurtha | (493,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **9,271,842** | **4,840,658** |

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 339,678 | 329,118 |
| Neamhphá | | 149,023 | 138,113 |
| **Ollchaiteachas** | | **488,701** | **467,231** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **56,739** | **60,278** |
| **Glanchaiteachas** | | **431,962** | **406,953** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (28,446) | | |
| Dímheas | 21,577 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 7 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 255 | (6,607) | (5,737) |
| | | | |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (7,531) | | |
| Laghdú ar stoc | 280 | (7,251) | (4,670) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **418,104** | **396,546** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 156,539 | 137,719 |
| Measchíosanna (neamhairgead tirim) | | 12,043 | 12,043 |
| **Glanchostas an chláir** | | **586,686** | **546,308** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile, ghlan ó chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 141,114 | 119,549 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 19,424 | 21,050 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 667 | 688 |
| | | 161,205 | 141,287 |
| Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do sheirbhísí vótáilte eile a sholáthair na Coimisinéirí Ioncaim gan mhuirear[a] | | (4,666) | (3,568) |
| | | **156,539** | **137,719** |

Nóta [a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan mhuirear do Vótaí eile atá léirithe anseo (€4.666 milliún), soláthraíodh seirbhísí dar luach thart ar €1.149 milliún gan mhuirear do chomhlachtaí neamhvótáilte eile. Cé gur costais iarbhír iad tromlach na gcostas seirbhísí gaolmhara, úsáideadh garchostais i gcás nach bhfuil na costais iarbhír ar fáil.

Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar riar na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (Scéim Fóirdheontas Shealadaigh Pá agus Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta) ar áireamh toisc go raibh feidhmiú na scéimeanna sin comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 103,536 | 97,535 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 24,963 | 32,324 |
| Stoic | 2.3 | 1,901 | 2,181 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 18,947 | 12,734 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,155 | 1,404 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,809 | 3,555 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **48,775** | **52,198** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 3,666 | 5,686 |
| Ioncam iarchurtha | | 648 | 801 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 26,045 | 34,061 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 727 | 1,818 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **31,086** | **42,366** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 17,689 | 9,832 |
| **Glansócmhainní** | | **121,225** | **107,367** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **121,225** | **107,367** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige/TF | Troscáin agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 20,850 | 452,786 | 79,648 | 2,793 | 556,077 |
| Breiseanna | 863 | 4,599 | 12,440 | 9,946 | 27,848 |
| A tugadh chun úsáide | — | 9,436 | — | (9,436) | — |
| Diúscairtí [a] | (2,765) | (35,423) | (3,317) | — | (41,505) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 18,948 | 431,398 | 88,771 | 3,303 | 542,420 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 16,311 | 383,531 | 58,700 | — | 458,542 |
| Dímheas don bhliain | 1,523 | 16,894 | 3,160 | — | 21,577 |
| Dímheas ar dhiúscairtí[a] | (2,748) | (35,176) | (3,311) | — | (41,235) |
| Dímheas carntha ag an 31 Nollaig 2021 | 15,086 | 365,249 | 58,549 | — | 438,884 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **3,862** | **66,149** | **30,222** | **3,303** | **103,536** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 4,539 | 69,255 | 20,948 | 2,793 | 97,535 |

Nóta [a] Tar éis athailíniú struchtúrach rannóga na gCoimisinéirí Ioncaim, thug Brainse an Ard-Chuntasóra faoi thionscadal in 2021 chun a chinntiú go raibh an clár sócmhainní caipitil agus na sonraí gaolmhara ag teacht leis an athrú sin. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích in dhá chéim (sócmhainní dar luach os cionn €10,000 agus sócmhainní dar luach níos lú ná €10,000). Mar thoradh air sin, tháinig méadú €28 milliún ar dhiúscairtí sa bhliain thar mheándiúscairtí na gceithre bliana roimhe sin.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 14,382 | 11,768 |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 55 | 65 |
| Iarmhéid cuntas bainc an SFSP [a] | 6,895 | 20,372 |
| Iarmhéid cuntas bainc an SFPF [a] | 3,631 | 119 |
| | **24,963** | **32,324** |

Nóta [a] Áiríonn iarmhéideanna cuntas bainc an SFSP agus an SFPF ag deireadh 2021 suim €3.1 milliún i ró-íocaíochtaí éilitheoirí ar aisghabh na Coimisinéirí Ioncaim í agus nár íocadh go fóill leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Áirítear freisin in iarmhéideanna cuntais an SFSP agus an SFPF atá dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí i nóta 2.7 €3.1 milliún i ró-íocaíochtaí éilitheoirí.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 645 | 648 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 1,255 | 1,530 |
| Ábhar inchaite TF | 1 | 3 |
| | **1,901** | **2,181** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí agus tacaíocht TFC | 17,310 | 11,111 |
| Post agus teileachumarsáid | 1,151 | 1,151 |
| Costais eile riaracháin | 486 | 472 |
| | **18,947** | **12,734** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Airleacain i leith foirgneamh comhroinnte | 291 | 261 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe taistil | 1 | 4 |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh oibreacha tógála, etc. | 1,057 | 1,275 |
| Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 228 | 510 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 9 | 2 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 113 | 126 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 110 | 1,377 |
| | **1,809** | **3,555** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Oiliúint agus forbairt agus speansais laethúla eile | 1,519 | 2,752 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TFC | 1,103 | 1,460 |
| Costais eile riaracháin | 1,044 | 1,474 |
| | **3,666** | **5,686** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,983 | 3,756 |
| Muirear Sóisialach Uilíoch | 800 | 764 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 2,859 | 2,508 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,553 | 1,431 |
| Cáin Bhreisluacha | 883 | 835 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 958 | 847 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 38 | 42 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 445 | 415 |
| | **12,519** | **10,598** |
| | | |
| Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 2,614 | 2,524 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré | 239 | 224 |
| Dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí i leith | | |
| • an SFSP [a] | 6,895 | 19,522 |
| • an SFPF [a] | 3,631 | 914 |
| | | |
| Dlite don Chuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| • an SFSP | — | 55 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 147 | 224 |
| | **26,045** | **34,061** |

**Nóta**: [a] In 2021, b’ionann íocaíochtaí (glan ar aisíocaíochtaí agus éilimh neamhíoctha) a riaradh faoin SFPF agus €4.6 billiún.

In 2021, is iad seo a leanas íocaíochtaí agus aisghabhálacha a riaradh faoin SFSP:

- Íocaíochtaí an SFSP; €16 mhilliún
- Aisghabhann an SFSP; €178 milliún

Tháinig aisghabhálacha €178 milliún chun cinn san SFSP mar gheall ar chleachtaí comhlíonta agus réitigh a rinneadh in 2021.

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 9,272 | 4,841 |
| Géilleadh iarchurtha | 493 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9,038) | (3,023) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **727** | **1,818** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 24,963 | 32,324 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,809 | 3,555 |
| | **26,772** | **35,879** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12,519) | (10,598) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (13,526) | (23,463) |
| | **(26,045)** | **(34,061)** |
| | **727** | **1,818** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 107,367 | 96,960 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 441,727 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (493) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (9,272) | | |
| Glanvóta | | | 431,962 | 406,953 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 156,539 | 137,719 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos | 1 | | 12,043 | 12,043 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (586,686) | (546,308) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **121,225** | **107,367** |

## 2.10 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 24,803 | 20,772 |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha de shuim mheasta €3.415 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2020: €5.183 milliún) i leith costais dlí agus chúitimh a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas cláir uile aicmithe mar chaiteachas riarachán.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 356,614 | 339,678 | 329,118 |
| ii | Taisteal agus cothú | 3,400 | 772 | 1,788 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais laethúla eile | 24,230 | 30,651 | 26,286 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 9,100 | 9,641 | 8,178 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 70,300 | 74,557 | 66,157 |
| vi | Costais áitribh oifige | 19,630 | 18,207 | 16,049 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 65 | 73 | 55 |
| viii | Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh | 5,125 | 4,503 | 6,332 |
| ix | Muirir dhlí | 12,000 | 9,366 | 12,110 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | 750 | 1,253 | 1,158 |
| | | **501,214** | **488,701** | **467,231** |

### Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €3.4 milliún; toradh €772,000*

Bhí an caiteachas €2.6 milliún níos lú ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 ar thaisteal gnó agus úsáid ardán cruinnithe ar líne.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais laethúla eile**

*Soláthar meastacháin €24.23 milliún; toradh €30.65 milliún*

Eascraíonn farasbarr €6.42 milliún as caiteachas seachfhoinsithe méadaithe maidir le bainistiú saoráidí Breatimeachta, bailiú seachfhoinsithe Cánach Cláraithe Feithicle, agus seirbhísí bainistíochta glaonna Cánach Maoine Áitiúla. Bhí gá ann le vírmint chun an caiteachas breise a mhaoiniú.

**x Cúiteamh agus caillteanais**

*Soláthar meastacháin €750,000; toradh €1.253 milliún*

Eascraíonn farasbarr de €503,000 as íocaíocht mhór dámhachtana costais dlí gan choinne. Bhí gá ann le vírmint chun an barrachas a chlúdach.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2 | Fíneálacha, forghéillte, costais dlí a aisghabhadh | 1,900 | 1,942 | 1,406 |
| 3 | Uimhreacha caomhnaithe | 150 | 293 | 186 |
| 4 | Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil | 400 | 809 | — |
| 5 | Sciar an chostais bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe) | 8,800 | 6,098 | 11,434 |
| 6 | Ilghnéitheach | 2,400 | 1,988 | 1,872 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann státseirbhíse | 8,400 | 8,172 | 7,943 |
| | | **59,487** | **56,739** | **60,278** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.748 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

**3 Uimhreacha caomhnaithe**

*Meastachán €150,000; réadaithe €293,000*

Féadann sé a bheith deacair an t-éileamh ar uimhreacha caomhnaithe clárúcháin feithiclí a thuar go cruinn mar go mbaineann sé le caiteachas roghnach ag ceannaitheoirí feithiclí nua. Glactar cur chuige coimeádach agus an meastachán á ullmhú.

**4 Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil**

*Meastachán €400,000; réadaithe €809,000*

Eascraíonn an méadú de €409,000 ar an meastachán as dhá mhuirear bailiúcháin a íoc sa bhliain féilire. Íocadh muirir 2020 agus 2021 i mí Feabhra agus mí na Nollag 2021 faoi seach agus, mar sin, taifeadadh an dá cheann i gcuntas 2021.

**5 Sciar an chostais bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)**

*Meastachán €8.8 milliún; réadaithe €6.098 milliún*

Leis an imréiteach láraithe (ar a dtugtar Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe (ÚSNIS) faoi láthair), féadann oibreoirí eacnamaíocha earraí a dhearbhú i mballstát AE amháin fad is atá na hearraí á n-iompórtáil nó á n-easpórtáil go fisiciúil i mballstát eile. Tá an t-easnamh €2.7 milliún ann mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ó Aontas Custaim AE agus mar gheall ar chailleadh costas bailiúcháin ÚSNIS i leith allmhairí ón Ríocht Aontaithe.

**6 Ilghnéitheach**

*Meastachán €2.4 milliún; réadaithe €1.988 milliún*

Eascraíonn laghdú €412,000 ar fháltais ilghnéitheacha mar gheall ar uainiú íocaíochtaí deontais AE. Fuarthas deontais OLAF, a rabhthas ag súil leo i mí Eanáir 2021, i mí na Nollag 2020 agus, mar sin, taifeadadh iad i gcuntas 2020.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 415 | — |
| Fáltais ó airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 | 460 | 1,258 |
| Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frith-ghóchumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní | 864 | 811 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (1,294) | (1,654) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **445** | **415** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **6,535** | **6,680** |

### 5.2 Pá

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 304,532 | 299,610 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8,957 | 6,563 |
| Ragobair | 2,294 | 1,174 |
| ÁSPC an Fhostóra | 23,895 | 21,771 |
| **Pá iomlán** | **339,678** | **329,118** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 106 | 19 | 27,532 | 19,808 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,381 | 93 | 21,921 | 16,015 |
| Liúntais le haghaidh sealoibre agus obair uainchláir | 748 | 162 | 34,473 | 26,115 |
| Ilghnéitheach | 146 | 5 | 21,048 | 18,856 |
| Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 259 | 101 | 34,586 | 26,084 |

## 5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €128,000 (2020: €102,000) san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 2,401 dámhachtain ar leithligh (2020: 1,927 ndámhachtain ar leithligh) ab fhiú idir €25 agus €150.

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €4,000 san iomlán le fostaí amháin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2021 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2020: €5,000 i leith fostaí amháin).

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €63,000 san iomlán in 2021 le 36 státseirbhíseach scortha i ndáil le híocaíochtaí comhalta coiste, le táillí boird agallaimh agus le speansais finnéithe (2020: íocadh €53,000 le 29 státseirbhíseach scortha). Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas €795,000 i leith 19 n-oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar fud na bliana 2021 nó ar feadh cuid di agus ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2020: €411,000 i ndáil le 13 oifigeach).

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le 29 n-oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar fud na bliana 2021 nó ar feadh cuid di i ranna eile Rialtais agus ar íoc na ranna/oifigí eile sin a dtuarastal.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 745 | 1,432 | 1,884 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 475 | 713 | 839 |

Aistríodh ceithre phlean aisghabhála ró-íocaíochta is fiche i ndáil le 24 dhuine aonair, dar luach €11,060, chuig 12 roinn éagsúla le linn na bliana.

## 5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €201,155).

## 5.8 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2021 i ndáil le scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as feidhm | — | 1 |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 7 | 5 |
| | **7** | **6** |

### 6.2 Muirir dhlí (fo-mhírcheann A (ix))

| Rangaítear mar a leanas na costais dlí a íocadh sa bhliain. | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aturnaetha seachtracha | 1,970 | 3,400 |
| Táillí abhcóide | 4,519 | 4,892 |
| Costais féimheachta/leachtaithe | 2,086 | 3,098 |
| Táillí cúirte | 12 | 13 |
| Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha | 779 | 707 |
| | **9,366** | **12,110** |

## 6.3 Cúiteamh agus caillteanais (fo-mhírcheann A (x))

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain**

| | Éilimh uathu seo | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2021** | **2020** |
| Líon na gcásanna | 15 | 17 | 32 | 43 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na gCoimisinéirí Ioncaim iad féin | 19 | 1 | 20 | 44 |
| Íocaíochtaí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim/a rinneadh thar a gceann | | | | |
| Cúiteamh | 281 | 5 | 286 | 66 |
| Costais dlí | | 947 | 947 | 1,048 |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán 2021** | **300** | **953** | **1,253** | **1,158** |
| Iomlán 2020 | 73 | 1,085 | 1,158 | |

Amhail an 31 Nollaig 2021, is iad seo a leanas na héilimh amuigh:

- Éilimh ó fhostaithe: 18 (2020: 18)
- Éilimh ón bpobal: 19 (2020: 34)

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021**

| | Éilimh uathu seo | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | 11 | 14 | 25 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na gCoimisinéirí Ioncaim iad féin | 13 | 311 | 324 |
| Íocaíochtaí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim/a rinneadh thar a gceann | | | |
| Cúiteamh | 285 | 3 | 288 |
| Costais dlí | 81 | 824 | 905 |
| Costais eile | 32 | 23 | 55 |
| **Iomlán** | **411** | **1,161** | **1,572** |

## 6.4 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) de chuid an Aontais Eorpaigh, bhí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.735m nó 80% den chostas incháilithe chun veain cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Ordaíodh an scanóir in 2019 agus fuarthas an chéad tráthchuid den mhaoiniú deontais in 2019. Seachadadh an scanóir i mí Mheán Fómhair 2020. Fuarthas an dara tráthchuid, arbh fhiú €405,000 í, in 2021 agus tá sí ar áireamh i gcatagóir 6 'Ilghnéitheach' i leithreasaí-i-gcabhair.

Faoi chomhaontú deontais le OLAF, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.44 milliún nó 80% den chostas incháilithe chun veain eile cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáidfidh Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Fuarthas an chéad tráthchuid, arbh fhiú €720,000 í, in 2020 agus ordaíodh an scanóir in 2021. Tá seachadadh an scanóir sceidealaithe don 31 Deireadh Fómhair 2022. Éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthchuid deontais, ar fiú €361,000 í, in R3 2023.

## 6.5 Géilleadh Iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas in 2021 de €493,000 i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

| | €000 |
|---|---|
| **Caiteachas riarachán** | |
| A (vi) Costais áitribh oifige | 200 |
| A (viii) Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh | 293 |
| | **493** |

## Aguisín A Cuntais atá faoi choimirce Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá cuntais eile atá faoi choimirce na hOifige agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair liostaithe sa tábla seo a leanas. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ainm an Chuntais | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|
| Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim | 2020 | 20 Aibreán 2021 | 28 Aibreán 2021 |